# Coláiste Náisiúnta na hÉireann
*(Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta nach bhfuil scairchaipiteal aici)*

Tuairisc na stiúrthóirí agus na ráitis airgeadais

**don bhliain dar críoch an 30 Meitheamh 2021**

***Uimhir chláraithe: 134303***

# Coláiste Náisiúnta na hÉireann
*(Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta nach bhfuil scairchaipiteal aici)*

## Tuairisc na stiúrthóirí agus na ráitis airgeadais

*Clár na nÁbhar* *Leathanach*


Directors and other information **Error! Bookmark not defined.**

Directors' report 2

Statement of directors' responsibilities in respect of the directors' report and the financial statements **Error! Bookmark not defined.**

Independent auditor's report to the members of National College of Ireland**Error! Bookmark not defined.**

Income and expenditure account **Error! Bookmark not defined.**

Other comprehensive income **Error! Bookmark not defined.**

Balance sheet **Error! Bookmark not defined.**

Statement of changes in equity **Error! Bookmark not defined.**

Cash flow statement **Error! Bookmark not defined.**

Notes forming part of the financial statements **Error! Bookmark not defined.**

# Coláiste Náisiúnta na hÉireann

## Stiúrthóirí agus faisnéis eile

| | |
|---|---|
| **Stiúrthóirí** | An tAthair Leonard Moloney S.J. (Cathaoirleach)<br>Gina Quin (Uachtarán)<br>Michael Brady<br>Maureen Brogan<br>Kevin Callinan<br>An tOllamh Patrick Clancy<br>Dave Cormack<br>Barbara Cotter<br>Kathleen Frith<br>Brendan McGinty<br>Brigid McManus<br>Sheila Nunan<br>An tAthair Kevin O'Higgins SJ<br>Thomas O'Malley<br>Conor O'Reilly |
| **Uachtarán Emeritus** | An tOllamh Joyce O'Connor |
| **Rúnaí** | John McGarrigle |
| **Oifig chláraithe** | Sráid an Mhéara<br>An Lárionad Seirbhísí Airgeadais Idirnáisiúnta, Baile Átha Cliath 1 |
| **Iniúchóir** | KPMG<br>Cuntasóirí Cairte<br>1 Plás an Stócaigh, Faiche Stiabhna, Baile Átha Cliath 2 |
| **Baincéirí** | Banc na hÉireann<br>Raghnallach, Baile Átha Cliath 6<br><br>Bainc-Aontas Éireann<br>An Lárionad Seirbhísí Airgeadais Idirnáisiúnta, Baile Átha Cliath 1 |
| **Dlíodóirí** | Arthur Cox<br>Ionad Phort an Iarla, Ardán Phort an Iarla, Baile Átha Cliath 2<br><br>Dlíodóirí Ivor Fitzpatrick agus a Chuideachta<br>44 - 45 Faiche Stiabhna, Baile Átha Cliath 2 |
| **Uimhir chláraithe na cuideachta** | 134303 |
| **Uimhir CHY ó na Coimisinéirí Ioncaim** | 9928 |
| **Uimhir chláraithe charthanais** | 20024956 |

Coláiste Náisiúnta na hÉireann

# Coláiste Náisiúnta na hÉireann

## Tuairisc na stiúrthóirí

Cuireann na stiúrthóirí tuairisc na stiúrthóirí agus ráitis airgeadais iniúchta Choláiste Náisiúnta na hÉireann (“NCI”, “an chuideachta” nó “an coláiste”) i láthair don bhliain dar críoch an 30 Meitheamh 2021.

**Príomhghníomhaíochtaí**

Is iad príomhghníomhaíochtaí na cuideachta seirbhísí oideachais a chur ar fáil.

**Athbhreithniú ar ghnó**

Tá an coláiste tar éis a bheith ag feidhmiú go maith in ainneoin go raibh paindéim Covid-19 ann. Le linn na bliana airgeadais ba dhéanaí, tháinig titim 1% ar an ioncam iomlán. Tháinig laghdú suntasach ar an ioncam ó mhic léinn idirnáisiúnta ach bhíothas in ann é sin a fhritháireamh toisc gur éirigh go han-mhaith le lucht earcaíochta mac léinn baile. Aistríodh an teagasc agus foghlaim go léir go soláthar ar líne i mí an Mhárta 2020. Dá bharr sin, bhí costais bhreise ann chun teicneolaíocht a sholáthar, baill foirne a oiliúint agus foirgnimh a mhodhnú. Ós rud é go raibh campas an choláiste druidte i rith na bliana ina hiomláine, agus gur tháinig laghdú mar sin ar an ngníomhaíocht ar an gcampas, táthar i ndiaidh méid áirithe coigiltis a bhaint amach i gcás costais oibríochtúla. An glantoradh a bhí air sin ná go raibh barrachas oibriúcháin láidir €3.9m ann (2020: €2.1m). Agus na sriantá á maolú agus saol an champais ag filleadh ar an ngnáthshaol, is dócha go mbeidh costais ar ais ar na gnáthleibhéil sa bhliain atá romhainn.

Tá na stiúrthóirí sásta leis an staid airgeadais amhail an 30 Meitheamh 2021, mar atá luaite sa chlár comhardaithe ar leathanach 11.

**Príomhrioscaí agus príomhéiginnteachtaí**

Gné shuntasach agus riosca nach beag a bhaineann le gach gné den saol atá i bpaindéim an choróinvíris (Covid-19) i gcónaí, an t-oideachas tríú leibhéal san áireamh. Le bliain anuas, áfach, tá pobal NCI tar éis a chruthú go bhfuil athléimneacht agus solúbthacht ann. Tá na stiúrthóirí muiníneach go leanfaidh an coláiste ar aghaidh ag feidhmiú faoi rath.

Tá na teorainneacha spáis agus acmhainne ar ár gcampas reatha sa Lárionad Seirbhísí Airgeadais Idirnáisiúnta ina bhfachtóir riosca d’fhorbairt an Choláiste go fóill, sin in ainneoin gur cuireadh cúrsaí ar fáil ar líne fós in 2021. Má tá sé le fás amach anseo, caithfear réimse tionchair an Choláiste a mhéadú go suntasach, cé go bhfuil tionchar Covid-19 tar éis cur isteach go mór ar an obair phleanála atá ar bun chuige sin.

Maolaíodh an teorainn stairiúil le líon na mac léinn a maoiníonn an Roinn Oideachais agus Scileanna a dtáillí a fhágann gurb é 1,150 mac léinn an leibhéal reatha anois. In ainneoin an mhaolaithe sin, tá an Coláiste srianta ag an teorainn i dtaobh cláir nua lánaimseartha a thairiscint. Cuireann an teorainn srian freisin le líon na n-áiteanna is féidir a chur ar fáil do mhic léinn, fiú má bhíonn ró-éileamh ann ó mhic léinn fhéideartha i gceantar an Choláiste. Cuireann an teorainn mhaoinithe, chomh maith leis an leibhéal réasúnta íseal croí-ioncaim ó dheontais, míbhuntáiste airgeadais ar an gColáiste i gcomparáid le hinstitiúidí atá maoinithe go hiomlán ag an Údarás um Ard-Oideachas. Leanfaidh an Coláiste air ag plé le páirtithe leasmhara ábhartha d’fhonn maoiniú a bhaint amach do gach mac léinn lánaimseartha a dhéanann iarratas tríd an Lár-Oifig Iontrála anuas ar aghaidh a thabhairt ar leithdháileadh maoinithe an Choláiste ar an iomlán.

Tá an Coláiste fós ar an eagraíocht is mó ó thaobh líon na gcéimithe de faoi na sruthanna maoinithe Springboard+ agus an Tionscnamh um Chaipiteal Daonna. Trí na cláir seo, tá an Coláiste ag cur go mór le líon na ndaoine oilte i réimse na teicneolaíochta faisnéise agus chumarsáide, réimse atá fós gann ar an saineolas. Cé go leanaimid orainn ag plé go dearfach leis na páirtithe leasmhara go léir sa réimse seo, ní mór don Choláiste a lua, dá dtiocfadh meath ar na cláir sin nó ar a gcuid maoinithe am ar bith amach anseo, go gcuirfí isteach go suntasach ar chumas an Choláiste na cláir sin agus, dá bharr sin, céimithe ardcháilithe a chur ar fáil.

**Forbairtí amach anseo**

## Tuairisc na stiúrthóirí

San fhadtéarma, ceann de phríomhstraitéisí an chomhlachta rialaithe is ea aghaidh a thabhairt ar an easpa spáis fhisiciúil atá ar fáil sa champas reatha. Leanfar ag lorg réitigh ar an gceist sin agus ag tabhairt aghaidh ag an am céanna ar na tosaíochtaí a eascraíonn as paindéim Covid-19. Is é an fócas sa ghearrthéarma ná timpeallacht foghlama agus oibre atá slán sábháilte a chur ar fáil do mhic léinn agus don fhoireann.

## Tuairisc na stiúrthóirí (*ar lean.*)

**Forbairtí amach anseo** *(ar lean.)*

Is é ár misean ná an saol a athrú chun feabhais tríd an oideachas. Leanfaimid orainn ag comhlíonadh ár misin trí dhul i gcomhar leis an bpobal áitiúil, trínár gcuid oibre leis an Tionscnamh Luathfhoghlama agus trí raon suntasach bealaí rochtana ar oideachas a chur ar fáil do mhic léinn ó gach cineál cúlra. Tá gá níos mó leis an obair seo anois toisc go bhfuil Covid-19 tar éis míbhuntáiste agus bochtaineacht oideachais a dhéanamh i bhfad níos measa sna pobail i lár na cathrach ina gcuireann an Tionscnamh Luathfhoghlama seirbhísí ar fáil agus i sprioc-cheantar Choláiste Náisiúnta na hÉireann.

Leanfaidh an Coláiste ar aghaidh i mbun forbartha trí thionscnaimh clár agus chreidiúnaithe, trí fhorbairt dáimhe agus curaclaim agus trí chomhpháirtíochtaí le hearnáil na tionsclaíochta. Cuirfimid ardoideachas ar fáil ina léireofar an sármhaitheas acadúil i gcónaí ar bhealach a bheidh ag teacht le riachtanais an fhoghlaimeora agus an gheilleagair.

Leanfaidh an Coláiste air ag cur cláir an-éifeachtach ar fáil atá dírithe ar ghníomhachtú mhargadh an tsaothair agus arb aidhm leo dul i ngleic le riachtanais scileanna sa tír. Déanfaimid forbairt leanúnach ar chláir agus ar thionscnaimh a bheidh ag teacht le Plean Gníomhaíochta an Rialtais don Oideachas, leis an bPlean Gníomhaíochta um Poist agus le Straitéis na Roinne Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta.

**Taifid chuntasaíochta**

Is deimhin leis na stiúrthóirí go bhfuil ceanglais Alt 281 go hAlt 285 d'Acht na gCuideachtaí, 2014, comhlíonta acu maidir le taifid chuntasaíochta leordhóthanacha a choinneáil trí bhíthin pearsanra cuntasaíochta a fhostú a bhfuil an saineolas cuí acu agus trí bhíthin acmhainní leordhóthanacha a chur ar fáil don fheidhmeannas airgeadais. Coinnítear taifid chuntasaíochta na cuideachta in áitreabh na cuideachta ag Sráid an Mhéara, an tIonad Seirbhísí Airgeadais Idirnáisiúnta, Baile Átha Cliath 1.

**Torthaí**

Tá an barrachas don bhliain leagtha amach sa chuntas ioncaim agus caiteachais agus sa chuntas ioncaim chuimsithigh eile ar leathanach 10 faoi seach.

**Teagmhais iarchláir chomhardaithe**

Níor tharla aon teagmhais shuntasacha a chuaigh i bhfeidhm ar an gcuideachta ó bhí deireadh na bliana ann.

**Deonacháin pholaitiúla**

Ní dhearnadh aon deonacháin pholaitiúla le linn na bliana ná le linn na bliana roimhe is gá a nochtadh de réir an Acht Toghcháin, 1997.

**Sochair scoir**

Feidhmíonn an coláiste scéim pinsean le sochar sainithe agus scéim pinsin le ranníocaíocht shainithe.

***An scéim pinsin le sochar sainithe***

Tá an scéim pinsin le sochar sainithe fós ag feidhmiú do bhaill foirne a bhí ina mbaill den scéim sin amhail an 1 Aibreán 2014. Níl an scéim ag glacadh le baill nua ó bhí an dáta sin ann. Bunaithe ar thuarastail inphinsin, ba é 8.76% ráta ranníocaíochta na mball don bhliain airgeadais agus ba é 13.24% ráta ranníocaíochta an Choláiste.

## Tuairisc na stiúrthóirí (*ar lean.*)

***An scéim pinsin le ranníocaíocht shainithe***

Cuireadh scéim pinsin le ranníocaíocht shainithe i bhfeidhm i mí Aibreáin 2014. Déanann an Coláiste ranníocaíochtaí leis an scéim seo ar bhonn meaitseála leis na cinn siúd a dhéanann baill foirne rannpháirteacha, ar rátaí 4%, 6% nó 8% (den olltuarastal) de réir rogha an fhostaí féin.

**Stádas dlí**

Is cuideachta é Coláiste Náisiúnta na hÉireann atá corpraithe faoi Acht na gCuideachtaí, 2014. Tá sé faoi theorainn ráthaíochta agus níl scairchaipiteal aige. Tá an chuideachta díolmhaithe ó cháin chorparáide. Tá stádas carthanachta tugtha ag na Coimisinéirí Ioncaim don chuideachta (uimhir CHY 9928), agus tá sí cláraithe leis an Rialálaí Carthanas (uimhir charthanais chláraithe 20024956).

**Na stiúrthóirí agus an rúnaí**

Is iad seo a leanas na stiúrthóirí agus an rúnaí a bhí ag fónamh le linn na bliana agus go dtí deireadh na bliana:

An tAthair Leonard Moloney S.J. (Cathaoirleach)
Gina Quin (Uachtarán)
Michael Brady
Maureen Brogan
Kevin Callinan
An tOllamh Patrick Clancy
Dave Cormack
Barbara Cotter
Kathleen Frith (arna ceapadh an 13 Márta 2021)
Jonathan Lambert (chuaigh ar scor an 28 Samhain 2020)
Brendan McGinty
Brigid McManus
Sheila Nunan
An tAthair Kevin O'Higgins SJ
Thomas O'Malley
Conor O'Reilly (arna cheapadh an 1 Iúil 2021)
Dajana Sinik (chuaigh ar scor an 30 Iúil 2021)
John McGarrigle (Rúnaí)

**Idirbhearta a raibh baint ag stiúrthóirí leo**

Ní raibh leas, arna shainmhíniú in Acht na gCuideachtaí, 2014, ag na stiúrthóirí am ar bith le linn na bliana dar críoch an 30 Meitheamh 2021 in aon chonarthaí ná socruithe a raibh tábhacht leo maidir le gnó na cuideachta.

**Idirbhearta páirtithe gaolmhara**

Nochtar sonraí faoi idirbhearta páirtithe gaolmhara i nóta 20 atá ag gabháil leis na ráitis airgeadais.

**Faisnéis ábhartha iniúchóireachta**

Tá na stiúrthóirí sásta go bhfuil gach beart is gá déanta acu chun iad féin a chur ar an eolas faoi aon fhaisnéis ábhartha iniúchóireachta agus tá dearbhaithe acu go bhfuil iniúchóir reachtúil na cuideachta ar an eolas faoin bhfaisnéis sin. Chomh fada agus is eol dóibh, ní ann d'aon fhaisnéis ábhartha iniúchóireachta nach bhfuil iniúchóir reachtúil na cuideachta ar an eolas fúithi.

## Tuairisc na stiúrthóirí (*ar lean.*)

**Iniúchóir**

Leanfaidh an t-iniúchóir, KPMG, in oifig i gcomhréir le halt 383(2) d'Acht na gCuideachtaí, 2014.

Thar ceann an bhoird

| | | |
|---|---|---|
| An tAthair Leonard Moloney S.J.<br>*Stiúrthóir* | Gina Quin<br>*Uachtarán* | 2021 |

# Coláiste Náisiúnta na hÉireann

## Ráiteas ar fhreagrachtaí na stiúrthóirí maidir le tuairisc na stiúrthóirí agus na ráitis airgeadais

Tá na Stiúrthóirí freagrach as tuairisc na stiúrthóirí agus na ráitis airgeadais a chur i dtoll a chéile de réir an dlí agus na rialachán is infheidhme.

Éilítear ar na stiúrthóirí faoi dhlí na gcuideachtaí ráitis airgeadais a ullmhú do gach bliain airgeadais. De réir an dlí sin, bheartaigh siad na ráitis airgeadais a ullmhú i gcomhréir le FRS 102, is é sin *An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann*.

De réir dhlí na gcuideachtaí, ní ceadmhach do na stiúrthóirí na ráitis airgeadais a fhormheas ach amháin má tá siad sásta go dtugann siad léargas fírinneach cóir ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais na cuideachta agus ar a brabús agus caillteanas don bhliain sin. Nuair atá na stiúrthóirí ag ullmhú na ráiteas airgeadais seo, éilítear orthu:

- beartais chuí chuntasaíochta a roghnú agus iad a fheidhmiú go leanúnach;
- breitheanna agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama;
- a shonrú cé acu ar cloíodh nó nár cloíodh leis na Caighdeáin Chuntasaíochta infheidhme, agus aon imeacht ábhartha a nochtadh agus a mhíniú sna ráitis airgeadais;
- measúnú a dhéanamh ar chumas na cuideachta chun leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach agus ábhair a bhaineann le gnóthas leantach a nochtadh, de réir mar is infheidhme; agus
- bonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh a úsáid, ach amháin má tá sé i gceist acu an chuideachta a leachtú nó scor d'oibríochtaí nó mura bhfuil an dara rogha acu i ndáiríre ach déanamh amhlaidh.

Tá na stiúrthóirí freagrach as taifid chuí chuntasaíochta a choimeád, a nochtann sócmhainní, dliteanais, staid airgeadais agus brabús nó caillteanas na cuideachta le cruinneas réasúnach am ar bith, agus a chuireann ar a gcumas a chinntiú go bhfuil na ráitis airgeadais i gcomhréir le hAcht na gCuideachtaí, 2014. Tá siad freagrach as cibé rialú inmheánach a chur i bhfeidhm a mheasann siad is gá le gur féidir ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíshonrú ábhartha, bíodh sin i ngeall ar chalaois nó earráid, agus tá de fhreagracht ghinearálta orthu cibé bearta is indéanta le réasún a dhéanamh chun sócmhainní na cuideachta a chosaint agus chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath. Tá na Stiúrthóirí freagrach freisin as tuairisc stiúrthóirí a ullmhú atá i gcomhréir le ceanglais Acht na gCuideachtaí, 2014.

Thar ceann an bhoird

| | | |
|---|---|---|
| An tAthair Leonard Moloney S.J. | Gina Quin | 2021 |
| *Stiúrthóir* | *Uachtarán* | |

KPMG
Audit
1 Stokes Place
St. Stephen's Green
Dublin 2
D02 DE03
Ireland

# Tuairisc an iniúchóra neamhspleách do chomhaltaí Choláiste Náisiúnta na hÉireann

## Tuairisc an iniúchta ar na ráitis airgeadais

### *Tuairim*

Rinneamar iniúchadh ar ráitis airgeadais Choláiste Náisiúnta na hÉireann ("an chuideachta") don bhliain dar críoch an 30 Meitheamh 2021, atá leagtha amach ar leathanaigh 10 go 33 agus atá comhdhéanta den chuntas ioncaim agus caiteachais, ioncam cuimsitheach eile, an clár comhardaithe, an ráiteas ar athruithe sa chothromas, an ráiteas sreabhaidh airgid agus nótaí a ghabhann leo, lena n-áirítear an achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasaíochta atá leagtha amach i nóta 1. Is iad Dlí na hÉireann agus FRS 102, *An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann,* arna eisiúint sa Ríocht Aontaithe ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais, an creat tuairiscithe airgeadais a cuireadh i bhfeidhm agus na ráitis á n-ullmhú.

Inár dtuairim:

- tugann na ráitis airgeadais léargas fírinneach, cóir ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais na cuideachta amhail ar an 30 Meitheamh 2021 agus ar bharrachas na cuideachta don bhliain dar críoch an dáta sin;
- ullmhaíodh na ráitis airgeadais i gceart de réir FRS 102, *An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann*; agus
- ullmhaíodh na ráitis airgeadais i gceart de réir cheanglais Acht na gCuideachtaí, 2014.

### *Bonn na tuairime*

Rinneamar ár n-iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (Éire) agus an dlí is infheidhme. Tá cur síos breise déanta ar na freagrachtaí atá orainn de réir na gcaighdeán sin sa chuid dár dtuairisc dar teideal *Freagrachtaí an iniúchóra as an iniúchadh ar na ráitis airgeadais.* Táimid neamhspleách ar an gcuideachta i gcomhréir leis na riachtanas eiticiúil a bhaineann lenár n-iniúchadh ar ráitis airgeadais in Éirinn, lena n-áirítear an Caighdeán Eiticiúil arna eisiúint ag Údarás Maoirseachta Cuntasaíochta agus Iniúchóireachta na hÉireann, agus chomhlíonamar na freagrachtaí eiticiúla eile atá orainn de réir na riachtanas sin.

Creidimid go bhfuil an fhianaise iniúchóireachta atá faighte againn leordhóthanach agus cuí chun bonn a thabhairt i leith ár dtuairime.

### *Conclúidí a bhaineann le gnóthas leantach*

Agus na ráitis airgeadais á n-iniúchadh, táimid tagtha ar an tátal gurb oiriúnach é úsáid bhonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh ag na stiúrthóirí d'ullmhú na ráiteas airgeadais.

Ar bhunús na hoibre a rinneamar, níor aithníomar aon neamhchinnteachtaí ábhartha i ndáil le himeachtaí ná imthosca a d'fhéadfadh, ina n-aonar nó i dteannta a chéile, amhras suntasach a thabhairt ar chumas na cuideachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach go ceann tréimhse dhá mhí dhéag ar a laghad ón dáta a údarófar na ráitis airgeadais dá n-eisiúint.



KPMG, an Irish partnership and a member firm of the KPMG global organisation of independent member firms affiliated with KPMG International Limited, a private English company limited by guarantee.

KPMG

## Tuairisc an iniúchóra neamhspleách do chomhaltaí Choláiste Náisiúnta na hÉireann
*(ar lean.)*

**Tuairisc ar an iniúchadh ar na ráitis airgeadais** *(ar lean.)*

***Faisnéis eile***

Tá na stiúrthóirí freagrach as an bhfaisnéis eile a chuirtear i láthair sa Tuarascáil Bhliantúil, chomh maith leis na ráitis airgeadais. Is éard atá san fhaisnéis eile sin ná an fhaisnéis atá i dtuairisc na stiúrthóirí. Níl na ráitis airgeadais ná ár dtuairisc iniúchóra orthu ina gcuid den fhaisnéis eile. Ní bhaineann ár dtuairim ar na ráitis airgeadais leis an bhfaisnéis eile sin agus, dá réir sin, ní thugaimid tuairim iniúchóireachta ina leith, ná aon chineál dearbhaithe ach amháin má shonraítear a mhalairt go sonrach thíos.

Is é an fhreagracht atá orainn ná an fhaisnéis eile a léamh agus, ar an dóigh sin, machnamh a dhéanamh, bunaithe ar ár gcuid oibre iniúchóireachta ar na ráitis airgeadais, ar cibé acu an bhfuil an fhaisnéis sin míshonraithe go hábhartha nó an bhfuil sí ar neamhréir leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a fuaireamar san iniúchadh. Bunaithe ar an obair sin amháin, níl míráitis ábhartha tugtha faoi deara againn san fhaisnéis eile.

Bunaithe ar an obair a rinneadh ar an bhfaisnéis eile i gcúrsa an iniúchta amháin, tuairiscímid:

- nach bhfuil míráitis ábhartha tugtha faoi deara againn i dtuairisc na stiúrthóirí;
- gurb é ár dtuairim go bhfuil an fhaisnéis a thugtar i dtuairisc na stiúrthóirí ag teacht leis na ráitis airgeadais;
- gurb é ár dtuairim gur ullmhaíodh na ráitis airgeadais i gcomhréir le hAcht na gCuideachtaí, 2014.

***Tuairimí ar ábhair eile a fhorordaítear le hAcht na gCuideachtaí, 2014***

Go bhfuaireamar gach faisnéis agus gach míniúchán a mheasaimid a bhí ag teastáil uainn chun críche ár n-iniúchta.

Is é ár dtuairim gur leor taifid chuntasaíochta na cuideachta le cur ar ár gcumas na ráitis airgeadais a iniúchadh go réidh cuí agus go bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

***Ábhair a n-éilítear orainn tuairisciú orthu de réir eisceachta***

Éilítear orainn le hAcht na gCuideachtaí, 2014, tuairisciú daoibh i gcás gurb é ár dtuairim nach bhfuil luach saothair na stiúrthóirí ná na hidirbhearta arna sonrú in Ailt 305 go 312 den Acht nochta. Níl aon rud le tuairisciú againn ina leith seo.

KPMG

# Tuairisc an iniúchóra neamhspleách do chomhaltaí Choláiste Náisiúnta na hÉireann

*(ar lean.)*

**Freagrachtaí faoi seach agus srianta ar úsáid**

***Freagrachtaí na stiúrthóirí as na ráitis airgeadais***

Mar a mhínítear ar bhealach níos mionsonraithe sa ráiteas ar fhreagrachtaí na stiúrthóirí ar leathanach 6, tá na stiúrthóirí freagrach as: na ráitis airgeadais a ullmhú agus as a bheith cinnte de go dtugann siad léargas fírinneach, cóir; cibé rialú inmheánach a chur i bhfeidhm a mheasann siad is gá le gur féidir ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíshonrú ábhartha, bíodh sin i ngeall ar chalaois nó earráid; measúnú a dhéanamh ar chumas na cuideachta chun leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach agus ábhair a bhaineann le gnóthas leantach a nochtadh, de réir mar is infheidhme; agus bonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh a úsáid, ach amháin má tá sé i gceist acu an chuideachta a leachtú nó scor d'oibríochtaí, nó mura bhfuil an dara rogha acu i ndáiríre ach déanamh amhlaidh.

***Freagrachtaí an iniúchóra as an iniúchadh ar na ráitis airgeadais***

Tá sé mar aidhm againn dearbhú réasúnta a fháil go bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíshonrú ábhartha, bíodh sin i ngeall ar chalaois nó earráid, agus tuairisc an iniúchóra a eisiúint a bhfuil ár dtuairim inti. Is leibhéal ard dearbhaithe é an dearbhú réasúnach, ach ní ráthaíocht é go mbraithfear i gcónaí aon mhíráiteas ábhartha atá ann mar thoradh ar iniúchadh a reáchtálfar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (Éire). Féadtar míshonrú teacht as calaois nó earráid agus meastar ábhartha iad, ina n-aonar nó ina gcomhiomlán, dá mbeifí ag súil go réasúnach go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí arna ndéanamh ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Is féidir cur síos níos iomláine ar na freagrachtaí atá orainn a fháil ar shuíomh gréasáin Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann, http://www.iaasa.ie/Publications/Auditing-standards/International-Standards-on-Auditing-for-use-in-Ire/Description-of-the-auditor-s-responsibilities-for.

***Cuspóir ár gcuid oibre iniúchóireachta agus a bhfuil ár bhfreagrachtaí dlite dóibh***

Ní thugtar ár dtuairisc ach amháin do chomhaltaí na cuideachta, mar chomhlacht, i gcomhréir le hAlt 391 d'Acht na gCuideachtaí, 2014. Tugadh faoinár n-obair iniúchóireachta ionas go bhféadaimis na hábhair a lua do chomhaltaí na cuideachta a n-éilítear orainn iad a lua i dtuairisc an iniúchóra agus ní chun aon chríche eile. A oiread agus is ceadmhach de réir an dlí, ní ghlacaimid le haon fhreagracht d'aon duine seachas an chuideachta agus comhaltaí na cuideachta, mar chomhlacht, as ár n-obair iniúchóireachta, as an tuairisc seo, ná as na tuairimí ar thángamar orthu.

2021

*Emma O'Driscoll*
**ar son agus thar ceann**
**KPMG**
**Cuntasóirí Cairte, Gnólacht Iniúchóireachta Reachtúla**
*1 Plás an Stócaigh*
*Faiche Stiabhna*
*Baile Átha Cliath 2*

# Coláiste Náisiúnta na hÉireann

## Cuntas ioncaim agus caiteachais

*don bhliain dar críoch an 30 Meitheamh 2021*

| | *Nóta* | **Gníomhaíochtaí Oideachasúla** | **Fiontraíocht** | **2021** | 2020 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | **€** | **€** | **€** | € |
| **Ollioncam** | *2* | 30,746,114 | 793,501 | **31,539,615** | 31,793,843 |
| Caiteachas oibriúcháin | *3* | (26,959,472) | (518,945) | **(27,478,417)** | (29,434,850) |
| **Barrachas oibriúcháin** | | 3,786,642 | 274,556 | **4,061,198** | 2,358,993 |
| Ús is infhaighte agus ioncam dá shamhail | *5* | 56 | - | **56** | 1,081 |
| Ús is iníoctha agus táillí dá shamhail | *6* | (204,804) | - | **(204,804)** | (226,439) |
| **Barrachas coinnithe na bliana** | *7* | 3,581,894 | 274,556 | **3,856,450** | 2,133,635 |

Níor eascair an t-ollioncam ná an barrachas oibriúcháin ach as gníomhaíochtaí atá ag leanúint ar aghaidh.

## Ioncam cuimsitheach eile

*don bhliain dar críoch an 30 Meitheamh 2021*

| | *Nóta* | **2021** | 2020 |
|---|---|---|---|
| | | **€** | € |
| **Barrachas don bhliain airgeadais** | | **3,856,450** | 2,133,635 |
| **Ioncam cuimsitheach eile** | | | |
| Atomhas (caillteanas)/gnóthachan na scéime pinsin le sochar sainithe dliteanas scéime | *15* | **(534,866)** | 1,105,776 |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain** | | **3,321,584** | 3,239,411 |

# Coláiste Náisiúnta na hÉireann

## An clár comhardaithe
*amhail an 30 Meitheamh 2021*

| | *Nóta* | **2021** **€** | 2020 € |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní seasta** | | | |
| Sócmhainní inláimhsithe | *8* | **33,938,908** | 31,504,429 |
| Sócmhainn airgeadais | *9* | **230** | 230 |
| | | **33,939,138** | 31,504,659 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Féichiúnaithe | *10* | **4,799,664** | 5,062,965 |
| Airgead sa bhanc agus ar láimh | *11* | **17,392,194** | 14,094,986 |
| | | **22,191,858** | 19,157,951 |
| **Creidiúnaithe:** suimeanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin | *12* | **(13,880,356)** | (12,388,480) |
| **Glansócmhainní reatha** | | **8,311,502** | 6,769,471 |
| **Sócmhainní iomlána lúide dliteanais reatha** | | **42,250,640** | 38,274,130 |
| **Creidiúnaithe:** suimeanna a bheidh dlite tar éis níos mó ná bliain amháin | *13* | **(7,229,219)** | (7,247,699) |
| **Soláthairtí le haghaidh dliteanas** | | | |
| Glaneasnamh na scéime pinsin | *15* | **(7,849,077)** | (6,760,135) |
| **Glansócmhainní** | | **27,172,344** | 24,266,296 |
| **Cúlchistí** | | | |
| Cúlchiste forbartha | | **13,664,212** | 14,079,748 |
| Barrachas carntha | | **13,508,132** | 10,186,548 |
| **Iomlán na gcúlchistí** | | **27,172,344** | 24,266,296 |

Thar ceann an bhoird

An tAthair Leonard Moloney S.J.
*Stiúrthóir*

Gina Quin
*Uachtarán*

# Coláiste Náisiúnta na hÉireann

## An ráiteas ar athruithe sa chothromas
*don bhliain dar críoch an 30 Meitheamh 2021*

| | Cúlchiste forbartha € | Barrachas carntha € | Iomlán na gcúlchistí € |
|---|---|---|---|
| **Iarmhéid amhail an 1 Iúil 2019** | 14,495,284 | 6,947,137 | 21,442,421 |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain** | | | |
| Barrachas don bhliain | - | 2,133,635 | 2,133,635 |
| Aistriú chuig an gcuntas ioncaim agus caiteachais | (415,536) | - | (415,536) |
| Ioncam cuimsitheach eile (féach leathanach 10) | - | 1,105,776 | 1,105,776 |
| Iomlán (an chostais)/an ioncaim chuimsithigh don bhliain | (415,536) | 3,239,411 | 2,823,875 |
| **Iarmhéid amhail an 30 Meitheamh 2020** | **14,079,748** | **10,186,548** | **24,266,296** |
| **Iarmhéid amhail an 1 Iúil 2020** | 14,079,748 | 10,186,548 | 24,266,296 |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain** | | | |
| Barrachas don bhliain | - | 3,856,450 | 3,856,450 |
| Aistriú chuig an gcuntas ioncaim agus caiteachais | (415,536) | - | (415,536) |
| Costas cuimsitheach eile (féach leathanach 10) | - | (534,866) | (534,866) |
| Iomlán (an chostais)/an ioncaim chuimsithigh don bhliain | (415,536) | 3,321,584 | 2,906,048 |
| **Iarmhéid amhail an 30 Meitheamh 2021** | **13,664,212** | **13,508,132** | **27,172,344** |

Ba é €35,021,421 *(2020: €31,026,431)* iomlán na gcúlchistí amhail an 30 Meitheamh 2021, gan €7,849,077 (*2020: € 6,760,13*5) a áireamh a bhain leis an nglandliteanas pinsin.

# Coláiste Náisiúnta na hÉireann

## An ráiteas sreabhaidh airgid

*don bhliain dar críoch an 30 Meitheamh 2021*

| | *Nóta* | **2021** | 2020 |
|---|---|---|---|
| | | **€** | € |
| **Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | | |
| Barrachas oibriúcháin | | **4,061,197** | 2,358,993 |
| *Coigeartuithe do:* | | | |
| Dímheas | | **1,582,581** | 1,458,965 |
| Brabús ar dhíol sócmhainne seasta | | **-** | (15,000) |
| Amúchadh deontas caipitil | | **(324,439)** | (229,008) |
| Amúchadh an chúlchiste forbartha | | **(415,536)** | (415,536) |
| Laghdú/(Méadú) ar fhéichiúnaithe trádála agus ar fhéichiúnaithe eile | | **263,301** | (1,545,658) |
| Méadú/(laghdú) ar chreidiúnaithe trádála agus ar chreidiúnaithe eile | | **1,338,888** | (3,082,850) |
| Gluaiseacht sa scéim pinsin le sochar sainithe | | **554,076** | 918,960 |
| **Glansreabhadh airgid thirim ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | **7,060,068** | (551,134) |
| **Sreafaí Airgid a úsáideadh i ngníomhaíochtaí infheistíochta** | | | |
| Ús a íocadh | | **(204,804)** | (226,403) |
| Ús a fuarthas | | **56** | 1,081 |
| Ús a íocadh ar léasanna airgeadais | | **-** | (36) |
| Fáil sócmhainní seasta inláimhsithe | | **(4,017,060)** | (660,031) |
| Deontais chaipitil a fuarthas | | **458,948** | - |
| **Glanairgead tirim arna úsáid i ngníomhaíochtaí infheistíochta** | | **(3,762,860)** | (885,389) |
| **Sreafaí airgid thirim ó ghníomhaíochtaí maoinithe** | | | |
| Aisíoc léasanna airgeadais | | **-** | (24,836) |
| **Glanairgead tirim arna úsáid i ngníomhaíochtaí maoinithe** | | **-** | (24,836) |
| **Glanmhéadú/(glanlaghdú) ar airgead agus coibhéisí airgid** | | **3,297,208** | (1,446,359) |
| **Airgead tirim agus coibhéisí airgid ag tús na bliana** | | **14,094,986** | 15,541,345 |
| **Airgead tirim agus coibhéisí airgid ag deireadh na bliana** | | **17,392,194** | 14,094,986 |

# Coláiste Náisiúnta na hÉireann

## Nótaí

*atá ina gcuid de na ráitis airgeadais*

**1 Beartais chuntasaíochta**

Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta nach bhfuil scairchaipiteal aici is ea Coláiste Náisiúnta na hÉireann ("an chuideachta" nó "an coláiste") agus tá sé corpraithe, Ionnaithe agus cláraithe in Éirinn. Is í Sráid an Mhéara, an Lárionad Seirbhísí Airgeadais Idirnáisiúnta, Baile Átha Cliath 1 oifig chláraithe na cuideachta agus is é 134303 a huimhir chláraithe.

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais seo de réir Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 nó FRS 102 mar is fearr aithne air (*An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann*). Ní raibh aon imeacht ábhartha ó na caighdeáin ann. Is é an euro airgeadra tuairiscithe na ráiteas airgeadais seo.

Rinneadh na beartais chuntasóireachta atá leagtha amach anseo thíos a chur i bhfeidhm go seasta ar gach tréimhse atá curtha i láthair sna ráitis airgeadais seo.

**1.1 Comhghnás tomhais**

Ullmhaítear na ráitis airgeadais ar bhonn an chostais stairiúil.

**1.2 Gnóthas leantach**

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar bhonn an ghnóthais leantaigh. Tá athbhreithniú déanta ag an mbord ar na réamh-mheastacháin don bhuiséad agus do na sreafa airgid a d'ullmhaigh an bhainistíocht, agus tá na comhaltaí sásta go bhfuil dóthain acmhainní ag an gColáiste le leanúint ar aghaidh ag feidhmiú ar feadh bliana ar a laghad ó dháta formheasa na ráiteas airgeadais.

Ní fios go fóill cén toradh a bheidh ar phaindéim Covid-19. Tá na stiúrthóirí sásta, áfach, nach bhfuil aon neamhchinnteachtaí ábhartha ann a d'fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh ar leanúint le húsáid bhonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh.

**1.3 Ionstraimí bunúsacha airgeadais**

***Féichiúnaithe/creidiúnaithe trádála agus eile***

Aithnítear féichiúnaithe trádála agus féichiúnaithe eile ar a bpraghas idirbhirt ar an gcéad dul síos, móide na costais idirbhirt is inchurtha ina leith. Aithnítear creidiúnaithe trádála agus creidiúnaithe eile ar a bpraghas idirbhirt ar an gcéad dul síos, lúide na costais idirbhirt is inchurtha ina leith. Tar éis a n-aitheanta ar an gcéad dul síos, úsáidtear modh an ghlanráta úis chun a gcostas amúchta a thomhas, lúide aon chaillteanas lagaithe i gcás féichiúnaithe trádála. Más idirbheart maoinithe atá sa socrú (má chuirtear an íocaíocht siar taobh amuigh de na gnáththéarmaí gnó, cuir i gcás), déantar é a thomhas ar luach reatha na n-íocaíochtaí atá le déanamh san am atá le teacht, arna lascainiú ar ráta úis margaidh le haghaidh ionstraim fiachais den chineál céanna.

***Iasachtaí úsmhara atá aicmithe mar ionstraimí bunúsacha airgeadais***

Aithnítear iasachtaí úsmhara ar a luach cóir ar an gcéad dul síos, lúide na costais idirbhirt is inchurtha ina leith. Tar éis a n-aitheanta ar an gcéad dul síos, úsáidtear modh an ghlanráta úis chun a gcostas amúchta a lua, lúide aon chaillteanas lagaithe.

***Infheistíochtaí i ngnáthscaireanna i bhfochuideachtaí***

Aithnítear infheistíochtaí i ngnáthscaireanna ar a bpraghas idirbhirt ar an gcéad dul síos, lúide na costais idirbhirt is inchurtha ina leith. Tar éis a n-aitheanta ar an gcéad dul síos, déantar infheistíochtaí a thomhas ar a gcostas lúide lagú.

***Airgead tirim agus coibhéisí airgid***
Is éard atá in airgead tirim agus coibhéisí airgid ná airgead ar láimh agus taiscí ar glao.

**1 Beartais chuntasaíochta** *(ar lean.)*

**1.3 Bunionstraimí airgeadais –** *(ar lean.)*

***Airgead tirim agus coibhéisí airgid***

Is éard atá in airgead tirim agus coibhéisí airgid ná airgead ar láimh agus taiscí ar glao.

**1.4 Sócmhainní seasta inláimhsithe**

Déantar sócmhainní arna gceannach d'úsáid fhadtéarmach an Choláiste a aicmiú mar shócmhainní seasta inláimhsithe tráth a aithnítear iad den chéad uair.

Tá sócmhainní seasta inláimhsithe luaite ar a gcostas lúide dímheas carntha agus caillteanais charntha lagaithe.

I gcás go mbaineann saolréanna ionchais difriúla le codanna éagsúla de shócmhainn sheasta inláimhsithe, cuirtear sna cuntais iad mar shócmhainní seasta inláimhsithe ar leithligh.

Léasanna ina nglacann an chuideachta na rioscaí agus na luaíochtaí nach mór ar fad a bhaineann le húinéireacht na sócmhainne léasaithe, aicmítear mar léasanna airgeadais iad. Déantar gach léas eile a rangú mar léas oibriúcháin. Maidir le sócmhainní ar léas a fhaightear trí léas airgeadais, luaitear iad tráth a n-aitheanta ar luach atá cothrom lena luach cóir nó le luach reatha na n-íos-íocaíochtaí léasa amhail ag dáta tionscanta an léasa, cibé acu is ísle, lena n-áirítear aon chostais incriminteacha is inchurtha go díreach i leith idirbheartú agus socrú an léasa. Nuair a aithnítear dliteanas léasa airgeadais ar an gcéad dul síos, aithnítear é ar luach atá cothrom le luach cóir na sócmhainne ar léas nó, más ísle, luach reatha na n-íos-íocaíochtaí léasa. Úsáidtear an ráta úis atá intuigthe sa léas chun luach reatha na n-íos-íocaíochtaí léasa a ríomh.

Déanann an chuideachta a mheas ar gach dáta tuairiscithe an bhfuil sócmhainní seasta inláimhsithe (lena n-áirítear iad siúd atá glactha ar léas faoi léas airgeadais) lagaithe.

Gearrtar dímheas chuig an gcuntas ioncaim agus caiteachais ar bhonn na líne dírí le himeacht shaolré ionchais mheasta gach cuid de shócmhainn sheasta inláimhsithe. Déantar sócmhainní ar léas a dhímheas le himeacht théarma an léasa nó le himeacht a saolré ionchais, cibé acu is giorra. Ní dhéantar talamh a dhímheas. Seo a leanas na saolréanna ionchais measta:

- Foirgnimh, carrchlós agus aonaid mhiondíola 2%
- Saothar ealaíne agus dealbha 2%
- Trealamh, daingneáin agus feistis 20%
- Trealamh ríomhaireachta 33.3%

Déantar modhanna dímheasa, saolréanna ionchais agus luachanna iarmharacha a athbhreithniú má tá comhartha ann go bhfuil athrú suntasach tagtha, ón dáta tuairiscithe deireanach, ar an bpátrún ar dá réir a bhfuil an chuideachta ag súil leas eacnamaíoch a bhaint as an tsócmhainn san am atá le teacht.

**1.5 Deontais rialtais**

Cuirtear deontais rialtais san áireamh i bhfabhruithe agus in ioncam iarchurtha ar an gclár comhardaithe agus cuirtear do shochar an chuntais ioncaim agus caiteachais iad in imeacht shaolré

## Nótaí *(ar lean.)*

ionchais na sócmhainní a mbaineann siad leo nó sna tréimhsí ina dtabhaítear na costais ghaolmhara.

# Coláiste Náisiúnta na hÉireann

## Nótaí *(ar lean.)*

**1 Beartais chuntasaíochta** *(ar lean.)*

### 1.6 Lagú sócmhainní

***Sócmhainní airgeadais (lena n-áirítear féichiúnaithe trádála agus eile)***

Maidir le sócmhainn airgeadais nach dtugtar anonn ar a luach cóir tríd an ráiteas ioncaim agus caiteachais, déantar í a mheas ar gach dáta tuairiscithe chun a fháil amach an bhfuil fianaise oibiachtúil ann go bhfuil sí lagaithe. Deirtear go bhfuil sócmhainn airgeadais lagaithe má léiríonn fianaise oibiachtúil gur tharla teagmhas caillteanais tar éis aitheantas tosaigh na sócmhainne, agus go raibh éifeacht dhiúltach ag an teagmhas caillteanais sin ar na sreafaí airgid ar féidir a bheith ag súil leo ón tsócmhainn sin san am atá le teacht nuair is féidir iad sin a mheas go beacht.

Maidir le caillteanas lagaithe i leith sócmhainn airgeadais a thomhaistear ar a costas amúchta, déantar é a ríomh mar an difríocht idir glanluach na sócmhainne agus luach reatha na sreafaí airgid a mheastar a gheofar uaithi san am atá le teacht, arna lascainiú ar ghlanráta úis bunaidh na sócmhainne. I gcás ionstraimí airgeadais a thomhaistear ar a gcostas lúide lagú, ríomhtar an lagú mar an difríocht idir an glanluach agus an meastachán is fearr ar an méid a gheobhadh an chuideachta ar an tsócmhainn dá ndíolfaí ar an dáta tuairiscithe í. Leantar ag aithint ús ar an tsócmhainn lagaithe tríd an lascaine a scaoileadh. Aithnítear caillteanais lagaithe sa ráiteas ioncaim agus caiteachais. I gcás go dtiocfaidh laghdú ar mhéid an chaillteanais lagaithe mar thoradh ar theagmhas ina dhiaidh sin, déantar an laghdú ar an gcaillteanas lagaithe a aisiompú tríd an ráiteas ioncaim agus caiteachais.

### 1.7 Sochair d'fhostaithe

***Pleananna le ranníocaíocht shainithe agus sochair fhadtéarmacha fostaí eile***

Is éard is plean le ranníocaíocht shainithe ann ná plean sochair iarfhostaíochta faoina ndéanann an chuideachta ranníocaíochtaí seasta isteach in eintiteas ar leith. Ní bhíonn aon oibleagáid dlí ná inchiallaithe ar an gcuideachta suimeanna eile a íoc, áfach. Aithnítear oibleagáidí chun ranníocaíochtaí a dhéanamh le pleananna pinsin le ranníocaíocht shainithe mar chostas sa chuntas ioncaim agus caiteachais sna tréimhsí ina dtugann na fostaithe a seirbhís.

***Pleananna le sochar sainithe***

Is éard atá i bplean le sochar sainithe ná plean sochair iarfhostaíochta nach plean le ranníocaíocht shainithe é. Ríomhtar glanoibleagáid na cuideachta i leith pleananna le sochar sainithe trí mheastachán a dhéanamh ar mhéid an tsochair atá tuillte ag fostaithe don am atá le teacht mar chúiteamh ar a seirbhís sna tréimhsí reatha agus roimhe. Déantar an sochar sin a lascainiú ansin chun a luach reatha a dhéanamh amach. Déantar luach cóir aon shócmhainní plean a dhéaduchtú. Déanann an chuideachta amach an glanchostas/(glanioncam) úis ar an nglandliteanas/(glansócmhainn) sochair shainithe don tréimhse tríd an ráta lascaine arna dhéanamh amach ag tús na tréimhse bliantúla a chur i bhfeidhm ar an nglandliteanas/(glansócmhainn) sochair shainithe, agus athruithe a thagann chun cinn mar thoradh ar ranníocaíochtaí agus íocaíochtaí sochair á gcur san áireamh.

Is é an ráta lascaine an toradh ar dháta an chláir chomhardaithe ar bhannaí arb é 'AA' a rátáil chreidmheasa, atá ainmnithe in airgeadra oibleagáidí na cuideachta agus a bhfuil a ndátaí aibíochta ag teacht, a bheag nó a mhór, le téarmaí oibleagáidí na cuideachta. Úsáideann achtúire cáilithe modh na n-aonad réamh-mheasta creidmheasa chun luacháil a dhéanamh gach bliain. Aithníonn an chuideachta glansócmhainní an phlean sochair shainithe a mhéad atá sí in ann an barrachas a aisghabháil, cibé acu trí ranníocaíochtaí laghdaithe san am atá le teacht nó trí aisíocaíochtaí a fháil ón bplean.

Nótaí *(ar lean.)*

## Nótaí *(ar lean.)*

**1 Beartais chuntasaíochta** *(ar lean.)*

**1.7 Sochair d'fhostaithe** *(ar lean.)*

***Pleananna le sochar sainithe*** *(ar lean.)*

Athruithe ar an nglandliteanas sochair shainithe a eascraíonn as seirbhís a thug fostaithe le linn na tréimhse, glanús ar ghlandliteanas sochair shainithe, agus na costais a bhaineann le tabhairt isteach pleananna, athruithe ar shochair, ciorruithe agus socraíochtaí le linn na tréimhse, aithnítear iad ar fad sa ráiteas ioncaim agus caiteachais.

Aithnítear atomhas an ghlandliteanais/na glansócmhainne sochair shainithe in ioncam cuimsitheach eile sa tréimhse ina dtarlaíonn sé.

**1.8 Láimhdeachas**

Coinnítear cuntas ar gach ioncam seachas síntiúis ar bhonn fabhruithe, agus aithnítear sa chuntas ioncaim agus caiteachais é de réir mar a dhéantar na seirbhísí ábhartha. Coinnítear cuntas ar thabhartais tráth a bhfála nó nuair a mheastar is cinnte go bhfaighfear iad, agus aithnítear sa chuntas ioncaim agus caiteachais iad de réir mar a thabhaítear na costais ghaolmhara nó nuair a chomhlíontar coinníollacha sonracha (más ann) arna bhforchur ag an deontóir.

Baineann gníomhaíochtaí oideachais le príomhghnó an choláiste, is é sin go príomha ardoideachais tríú leibhéal a sholáthar. Baineann gníomhaíochtaí fiontraíochta le sreafaí ioncaim eile ar an gcampas nach mbaineann go díreach le cúrsaí oideachais.

**1.9 Léasanna oibriúcháin**

Aithnítear íocaíochtaí (seachas costais a bhaineann le seirbhísí agus árachas) a dhéantar faoi léasanna oibriúcháin sa chuntas ioncaim agus caiteachais ar bhonn na líne dírí le himeacht théarma an léasa.

**1.10 Ús**

Aithnítear ioncam úis agus ús iníoctha sa ráiteas ioncaim agus caiteachais de réir mar a fhabhraítear iad, agus úsáidtear modh an ghlanráta úis chuige sin.

**2 Ollioncam**

| | **2021** | 2020 |
|---|---|---|
| | **€** | € |
| Táillí mac léinn | **25,011,038** | 25,422,424 |
| An Roinn Oideachais agus Scileanna | **1,966,567** | 1,966,567 |
| Ioncam eile | **4,562,010** | 4,404,852 |
| | **31,539,615** | 31,793,843 |
| Gníomhaíochtaí oideachais | **30,746,114** | 30,716,788 |
| Fiontraíocht | **793,501** | 1,077,055 |
| | **31,539,615** | 31,793,843 |

## 3 Caiteachas oibriúcháin

| | **2021** | 2020 |
|---|---|---|
| | **€** | € |
| Costais réadmhaoine | **1,588,067** | 1,793,262 |
| Costais fiontraíochta | **366,279** | 788,962 |
| Forchostais acadúla | **17,296,245** | 19,056,162 |
| An riarachán lárnach | **2,698,243** | 2,501,800 |
| Leabharlann | **989,367** | 1,008,485 |
| Costais TF | **2,245,520** | 2,043,213 |
| Seirbhísí na mac léinn | **741,824** | 642,299 |
| Comhlachtaí creidiúnaithe agus costais ilghnéitheacha | **713,306** | 786,246 |
| Dímheas | **1,579,541** | 1,458,965 |
| Amúchadh deontas caipitil | **(324,439)** | (229,008) |
| Amúchadh an chúlchiste forbartha | **(415,536)** | (415,536) |
| | **27,478,417** | 29,434,850 |
| Gníomhaíochtaí oideachais | **26,959,472** | 28,689,993 |
| Fiontraíocht | **518,945** | 744,857 |
| | **27,478,417** | 29,434,850 |

## 4 Fostaithe agus luach saothair

Is é 249 *(2020: 254)* meánlíon na ndaoine (seachas léachtóirí comhlacha) a bhí fostaithe ag an gcoláiste sa bhliain airgeadais. Ina theannta sin, bhí 106 *(2020: 125)* léachtóir comhlach fostaithe ag an gcoláiste. Is i mbun seirbhísí oideachais a sholáthar, taighde nó riaracháin a bhí gach duine acu.

| | **2021** | 2020 |
|---|---|---|
| | **€** | € |
| Is éard atá sna costais foirne ná: | | |
| Pá agus tuarastail | **14,814,993** | 15,358,400 |
| Leas sóisialta | **1,576,838** | 1,620,232 |
| Sochair scoir | **1,389,433** | 1,709,528 |
| | **17,781,264** | 18,688,160 |

## 5 Ús infhaighte eile agus ioncam dá shamhail

| | **2021** | 2020 |
|---|---|---|
| | **€** | € |
| Ioncam úis ó airgead tirim agus coibhéisí airgid | **56** | 1,081 |
| | **56** | 1,081 |

## 6 Ús is iníoctha agus táillí dá shamhail

| | **2021** | 2020 |
|---|---|---|
| | **€** | € |
| Ús ar léasanna airgeadais | **-** | 36 |
| Ús agus táillí bainc iníoctha | **116,272** | 137,195 |
| Muirir bhainc ar choigeartú cuntasaíochta ar shochar scoir | **88,532** | 89,208 |
| | **204,804** | 226,439 |

**7 Barrachas don bhliain**

**(a) Tá an barrachas don bhliain luaite tar éis na nithe seo a leanas a mhuirearú/(a chur do shochar)**:

| | **2021** | 2020 |
|---|---|---|
| | **€** | € |
| Dímheas (nóta 8) | **1,582,581** | 1,458,965 |
| Amúchadh deontas caipitil (nóta 14) | **(324,439)** | (229,008) |
| Amúchadh an chúlchiste forbartha | **(415,536)** | (415,536) |
| Luach saothair na stiúrthóirí – seirbhísí bainistíochta agus acadúla | **328,065** | 333,707 |

**Luach saothair na stiúrthóirí**

| | | |
|---|---|---|
| Líon na stiúrthóirí | **4** | 4 |
| Díolaíochtaí na stiúrthóirí | **305,857** | 313,560 |
| Ranníocaíochtaí an fhostóra le scéimeanna sochair | **22,208** | 20,147 |
| **Luach saothair iomlán na stiúrthóirí** | **328,065** | 333,707 |

Ní fhaigheann comhaltaí Bhord na Stiúrthóirí aon luach saothair as a gcuid seirbhíse mar stiúrthóirí. Áirítear le luach saothair na stiúrthóirí luach saothair fostaithe de chuid an choláiste a fhónann ar Bhord na Stiúrthóirí chomh maith.

**(b) Luach Saothair an Iniúchóra**

Luach saothair as an iniúchadh reachtúil agus as seirbhísí eile a dhéanann iniúchóir reachtúil an choláiste, gan CBL a áireamh:

| | **2021** | 2020 |
|---|---|---|
| | **€** | € |
| Iniúchadh reachtúil, eisíocaíocht san áireamh | **63,281** | 60,800 |
| Seirbhísí eile nach seirbhísí iniúchóireachta iad | **-** | 8,000 |
| | **63,281** | 68,800 |

**(c) Cáin**

Tá stádas carthanachta bronnta ag na Coimisinéirí Ioncaim ar an gcoláiste agus tá sé díolmhaithe ó cháin chorparáide.

## Nótaí *(ar lean.)*

**8 Sócmhainní inláimhsithe**

| | Foirgnimh ar léas | Foirgneamh taighde | An Carrchlós | Giomnáisiam, naíolann agus aonaid mhiondíola | Ealaín agus dealbha | Trealamh ríomhaireachta | Trealamh, daingneáin agus feistis | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | € | € | € | € | € | € | € | € |
| ***Costas*** | | | | | | | | |
| Amhail an 30 Meitheamh 2020 | 24,395,998 | 12,434,631 | 4,427,243 | 2,718,762 | 757,158 | 4,347,047 | 2,875,262 | 51,956,101 |
| Breiseanna | - | - | - | 3,205,199 | - | 337,883 | 473,978 | 4,017,060 |
| Diúscairtí | - | - | - | - | - | (423,587) | (64,115) | (487,702) |
| **Amhail an 30 Meitheamh 2021** | **24,395,998** | **12,434,631** | **4,427,243** | **5,923,961** | **757,158** | **4,261,343** | **3,285,125** | **55,485,459** |
| ***Dímheas*** | | | | | | | | |
| Amhail an 30 Meitheamh 2020 | 8,606,838 | 4,077,046 | 1,416,718 | 99,368 | 268,913 | 3,834,205 | 2,148,584 | 20,451,672 |
| Muirear don bhliain | 487,920 | 244,968 | 88,545 | 70,375 | 13,629 | 316,371 | 360,773 | 1,582,581 |
| Diúscairtí | - | - | - | - | - | (423,587) | (64,115) | (487,702) |
| **Amhail an 30 Meitheamh 2021** | **9,094,758** | **4,322,014** | **1,505,263** | **169,743** | **282,542** | **3,726,989** | **2,445,242** | **21,546,551** |
| ***Glanluach de réir na leabhar*** | | | | | | | | |
| **Amhail an 30 Meitheamh 2021** | **15,301,240** | **8,112,617** | **2,921,980** | **5,754,218** | **474,616** | **534,354** | **839,883** | **33,938,908** |
| Amhail an 30 Meitheamh 2020 | 15,789,160 | 8,357,585 | 3,010,525 | 2,619,394 | 488,245 | 512,842 | 726,679 | 31,504,429 |

Tá muirear ag an Roinn Oideachais agus Scileanna ar na foirgnimh léasacha go ceann 40 bliain ó mhí an Mhárta 2003 mar urrús ar dheontais €8,888,166 a thug an Roinn, a bheadh inaisíoctha dá ndéanfaí an foirgneamh a dhiúscairt nó dá n-athrófaí a úsáid.

## Nótaí *(ar lean.)*

| 9 | **Sócmhainní Airgeadais** | **2021** | 2020 |
|---|---|---|---|
| | | **€** | € |
| | Scaireanna in North Wall Quay/Mayor Street Management | **130** | 130 |
| | Scaireanna in Campus Crèche Limited (nóta 21) | **100** | 100 |
| | | **230** | 230 |

Tá fochuideachta amháin ag an gcuideachta, mar seo a leanas:

| **Ainm an Ghnóthais** | **Tír a chorpraithe** | **Príomh-ghníomhaíocht** | **Leas na cuideachta** | **Brabús don bhliain €** | **Glan-dliteanais €** |
|---|---|---|---|---|---|
| Campus Crèche Limited | Éire | Naíolann a ghlacadh ar cíos | 100% | 3,500 | 23,035 |

Oifig chláraithe Campus Crèche Limited ná Sráid an Mhéara, an Lárionad Seirbhísí Airgeadais Idirnáisiúnta, Baile Átha Cliath 1.

Níl cuntais ghrúpa ullmhaithe mar, de réir Alt 99 de FRS 102, féadtar fochuideachta a eisiamh ó chuntais chomhdhlúite nuair nach gá í a chur san áireamh chun léargas fírinneach cóir a thabhairt. Tá na scaireanna sealbhaithe aicmithe mar ghnáth-scairchaipiteal.

| 10 | **Féichiúnaithe**: suimeanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin | **2021** | 2020 |
|---|---|---|---|
| | | **€** | € |
| | Deontas ón Roinn Oideachais agus Scileanna | **890,500** | 983,250 |
| | Costais réamhíoctha | **976,573** | 1,034,534 |
| | Féichiúnaithe eile | **2,932,591** | 3,045,181 |
| | | **4,799,664** | 5,062,965 |

Tá na féichiúnaithe luaite glan ar fhoráil bhearnúcháin €85,783 (*2020: €156,463)*.

| 11 | **Airgead tirim agus coibhéisí airgid** | **2021** | 2020 |
|---|---|---|---|
| | | **€** | € |
| | Airgead sa bhanc agus ar láimh | **17,392,194** | 14,094,986 |
| | **Airgead tirim agus coibhéisí airgid de réir an ráitis sreabhaidh airgid** | **17,392,194** | 14,094,986 |

## Nótaí *(ar lean.)*

Ní raibh aon idirbhearta neamhairgid suntasacha ann sa bhliain.  Tá aon chistí a deonaíodh faoi chomhair chostas oibriúcháin an Tionscnaimh Luathfhoghlama curtha san áireamh i srianta ar airgead tirim agus coibhéisí airgid i seilbh.

# Coláiste Náisiúnta na hÉireann

## Nótaí *(ar lean.)*

**12 Creidiúnaithe**: suimeanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin

| | **2021** | 2020 |
|---|---:|---:|
| | **€** | € |
| Táillí acadúla a fuarthas roimh ré | **7,708,609** | 6,141,250 |
| Ioncam eile a fuarthas roimh ré | **1,203,945** | 1,126,813 |
| ÍMAT/ÁSPC | **546,190** | 528,837 |
| Creidiúnaithe agus fabhruithe eile | **4,039,623** | 4,362,572 |
| Ioncam iarchurtha - deontais chaipitil (nóta 14) | **381,989** | 229,008 |
| | **13,880,356** | 12,388,480 |

**13 Creidiúnaithe**: suimeanna a bheidh dlite tar éis níos mó ná bliain amháin

| | **2021** | 2020 |
|---|---:|---:|
| | **€** | € |
| Ioncam iarchurtha - deontais chaipitil (nóta 14) | **7,229,219** | 7,247,699 |
| | **7,229,219** | 7,247,699 |

**14 Ioncam iarchurtha – deontais chaipitil**

| | **2021** | 2020 |
|---|---:|---:|
| | **€** | € |
| Ag tús na bliana | **7,476,699** | 7,705,707 |
| Iarchurtha le linn na bliana | **458,948** | - |
| Amúchta le linn na bliana | **(324,439)** | (229,008) |
| **Ag deireadh na bliana** | **7,611,208** | 7,476,699 |
| San áireamh ar an gclár comhardaithe mar seo: | | |
| Creidiúnaithe – suimeanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin | **381,989** | 229,008 |
| Creidiúnaithe – suimeanna a bheidh dlite tar éis níos mó ná bliain amháin | **7,229,219** | 7,247,691 |
| | **7,611,208** | 7,476,699 |

Baineann na deontais chaipitil le campas an choláiste sa Lárionad Seirbhísí Airgeadais Idirnáisiúnta agus coinnítear cuntas orthu faoi ioncam in imeacht shaolré ionchais na sócmhainní gaolmhara.

**15 Sochar scoir**

**(a) An scéim pinsin le sochar sainithe**

Tá scéim pinsin le sochar sainithe i bhfeidhm sa choláiste agus coinnítear sócmhainní na scéime sin i gciste a riartar go seachtrach. Scéim ranníocach í a mhaoinítear go seachtrach. Dúnadh an scéim do bhaill nua le héifeacht ón 1 Aibreán 2014, agus rinneadh í a leasú ionas go mbeadh na haoiseanna scoir ar aon dul leis an bPinsean Stáit. Déanann achtúire neamhspleách atá cáilithe go gairmiúil an ciste a luacháil gach trí bliana ar a laghad ar bhonn an scoir agus an ghnóthais leantaigh araon. Is é an t-achtúire a dhéanann na rátaí ranníocaíochta a ríomh le modh chreidiúint réamh-mheasta an aonaid. Déanann an t-achtúire athbhreithniú ar na rátaí idir an dá linn chun a chinntiú go mbíonn siad cuí go fóill.

Ba é €34,957 *(2020: €27,903)* ranníocaíochtaí an fhostóra a bhí iníoctha leis an scéim ag deireadh na bliana.

Chomh maith le ranníocaíochtaí a dhéanamh le haghaidh sochar scoir, íocann an coláiste préimheanna árachais freisin as sochar 'bás le linn seirbhíse' agus sochar míchumais do gach ball atá sa scéim pinsin.

Rinne achtúire neamhspleách cáilithe luacháil achtúireach iomlán ar an scéim an 30 Meitheamh 2021 agus is ar an luacháil sin atá na suimeanna atá aitheanta sna ráitis airgeadais bunaithe.

Rinneadh na suimeanna seo a leanas atá aitheanta sa chlár comhardaithe a thomhas de réir cheanglais Alt 28 de Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102:

| | **2021**<br>**€** | 2020<br>€ |
|---|---|---|
| Margadhluach iomlán na sócmhainní | **19,479,960** | 15,839,248 |
| Luach reatha dhliteanais na scéime | **(27,329,037)** | (22,599,383) |
| **Glandliteanas sochair scoir** | **(7,489,077)** | (6,760,135) |

Tá na suimeanna seo a leanas aitheanta sna ráitis feidhmíochta don bhliain dar críoch an 30 Meitheamh 2021 agus an 30 Meitheamh 2020 de réir cheanglais FRS 102.

## Nótaí *(ar lean.)*

### 15 Sochar scoir *(ar lean.)*

| (a) **An scéim le sochar sainithe** *(ar lean.)* | **2021** **€** | 2020 € |
|---|---|---|
| **Muirearaithe chuig toradh oibriúcháin** | | |
| Costas seirbhíse reatha | **(1,023,708)** | (1,239,024) |
| **Muirearaithe chuig muirir airgeadais eile** | | |
| Toradh ionchais ar shócmhainní na scéime pinsin | **224,393** | 206,129 |
| Ús ar dhliteanais na scéime sochair scoir | **(312,925)** | (295,337) |
| Glanmhuirear | **(88,532)** | (89,208) |
| **Anailís ar an méid atá aitheanta sa ráiteas ar ghnóthachain agus caillteanais aitheanta iomlána** | | |
| Toradh iarbhír lúide toradh ionchais ar shócmhainní scéime pinsin | **(3,092,126)** | 250,920 |
| Gnóthachain agus caillteanais ó thaithí ar dhliteanais na scéime | **(234,706)** | (265,652) |
| Athruithe ar na boinn tuisceana faoi luach reatha dhliteanais na scéime | **3,861,698** | 1,120,508 |
| **Gnóthachan achtúireach atá aitheanta sa ráiteas ar ghnóthachain agus caillteanais aitheanta iomlána** | **534,866** | 1,105,776 |

Is é €2,362,345 *(2020: €2,897,211*) an caillteanas carnach achtúireach atá aitheanta sa ráiteas ar ghnóthachain agus caillteanais aitheanta iomlána go dtí an bhliain airgeadais dar críoch an 30 Meitheamh 2021 agus an bhliain sin san áireamh.

Seo a leanas mar a bhí luach cóir shócmhainní na scéime:

| | **Luach margaidh an 30 Meith 2021 €** | Luach margaidh an 30 Meith 2020 € |
|---|---|---|
| Gnáthscaireanna | **15,135,307** | 11,603,833 |
| Bannaí | **4,344,653** | 4,235,415 |
| | **19,479,960** | 15,839,248 |

**15 Sochar scoir** *(ar lean.)*

**(a) An scéim le sochar sainithe** *(ar lean.)*

**Bonn faoin toradh ionchais ar an sócmhainní scéime**

Rinneadh amach an toradh ionchais ar shócmhainní scéime trí bhreithniú a dhéanamh ar na torthaí ionchais a bhí ar fáil ar gach ceann de na sócmhainní atá mar bhonn faoin mbeartas reatha infheistíochta. Tá na torthaí ionchais ar infheistíochtaí úis sheasta bunaithe ar na torthaí comhlána go dtí fuascailt amhail ar an dáta tuairiscithe. Léiríonn na torthaí ionchais ar infheistíochtaí cothromais agus réadmhaoine na fíor-rátaí toraidh fadtéarmacha a fheictear sna margaí faoi seach.

Seo a leanas na príomhbhoinn tuisceana airgeadais a úsáideadh sa luacháil:

| **Rátaí bliantúla** | **2021** | 2020 |
|---|---|---|
| Ráta méadaithe ar thuarastail | **2.70%** | 2.25% |
| Ráta méadaithe ar phinsin atá á n-íoc | **1.70%** | 1.25% |
| Ráta lascaine | **1.20%** | 1.40% |
| Ráta boilscithe | **1.70%** | 1.25% |

Socraítear na boinn tuisceana maidir leis an ráta báis san am atá le teacht de réir staitisticí foilsithe agus taithí. Seo a leanas an t-ionchas saoil ar an meán, i mblianta, do phinsinéir 65 bliain d’aois atá ag dul ar scor:

| | **2021** | 2020 |
|---|---|---|
| Fear – 65 bliain d’aois faoi láthair | **21.6** | 21.5 |
| Bean – 65 bliain d’aois faoi láthair | **24.1** | 24.0 |
| Fear – 45 bliain d’aois faoi láthair | **24.0** | 23.9 |
| Bean – 45 bliain d’aois faoi láthair | **26.3** | 26.2 |

| | **Sócmhainní pinsin €000** | **Dliteanais dliteanais €000** | **Easnamh pinsin €000** |
|---|---|---|---|
| **Gluaiseacht i sócmhainní agus dliteanais na scéime - 2021** | | | |
| Amhail an 30 Meitheamh 2020 | 15,839 | (22,599) | (6,760) |
| Costas seirbhíse reatha | - | (1,024) | (1,024) |
| Ús ar dhliteanais na scéime | - | (313) | (313) |
| Toradh ionchais ar shócmhainní na scéime | 224 | - | 224 |
| Toradh iarbhír lúide toradh ionchais ar shócmhainní na scéime | 3,092 | - | 3,092 |
| Gnóthachain ó thaithí ar na dliteanais | - | 235 | 235 |
| Athrú ar na toimhdí achtúireacha | - | (3,861) | (3,861) |
| Ranníocaíochtaí ag rannpháirtithe plean | 315 | (315) | - |
| Préimh riosca | (53) | 53 | - |
| Íocaíochtaí amach | (495) | 495 | - |
| Ranníocaíochtaí fostóra a íocadh (préimh riosca san áireamh) | 558 | - | 558 |

Nótaí *(ar lean.)*

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Amhail an 30 Meitheamh 2021** | **19,480** | **(27,329)** | **(7,849)** |

| **15 Scéim pinsean** *(ar lean.)* | **Sócmhainní pinsin €000** | **Sócmhainní dliteanais €000** | **Sócmhainní pinsin €000** |
|---|---|---|---|
| **Gluaiseacht i sócmhainní agus dliteanais na scéime - 2020** | | | |
| Amhail an 30 Meitheamh 2019 | 15,084 | (22,031) | (6,947) |
| Costas seirbhíse reatha | - | (1,239) | (1,239) |
| Ús ar dhliteanais na scéime | - | (295) | (295) |
| Toradh ionchais ar shócmhainní na scéime | 206 | - | 206 |
| Toradh iarbhír lúide toradh ionchais ar shócmhainní na scéime | 251 | - | 251 |
| Gnóthachain ó thaithí ar na dliteanais | - | (266) | (266) |
| Athrú ar na toimhdí achtúireacha | - | 1,121 | 1,121 |
| Ranníocaíochtaí ag rannpháirtithe plean | 269 | (269) | - |
| Préimh riosca | (72) | 72 | - |
| Íocaíochtaí amach | (308) | 308 | - |
| Ranníocaíochtaí fostóra a íocadh (préimh riosca san áireamh) | 409 | - | 409 |
| **Amhail an 30 Meitheamh 2020** | **15,839** | **(22,599)** | **(6,760)** |

Táthar ag súil go mbeidh ranníocaíochtaí fostóra €432,000 *(2020: €437,000)* le híoc isteach sa scéim sa chéad bhliain airgeadais eile.

Ba é €3,316,519 *(2020: €457,049)* an toradh iarbhír ar shócmhainní scéime pinsin don bhliain.

***(b) An scéim pinsin le ranníocaíocht shainithe***

Feidhmíonn an coláiste scéim le ranníocaíocht shainithe chun sochair a sholáthar d'fhostaithe nua agus d'fhostaithe atá ann cheana nach raibh ina mbaill den scéim le sochar sainithe cheana féin. Déanann an coláiste ranníocaíochtaí leis an scéim seo ar bhonn meaitseála leo siúd a dhéanann baill foirne rannpháirteacha, ar rátaí 4%, 6% nó 8% de réir rogha an fhostaí féin. Tá an muirear a bhaineann leis an bpinsean le ranníocaíocht shainithe bunaithe ar na ranníocaíochtaí a rinneadh leis an scéim le ranníocaíocht shainithe le linn na bliana, arbh ionann iad agus €322,286 *(2020: €318,751)*. B'ionann na ranníocaíochtaí a bhí iníoctha ag deireadh na bliana agus €29,377 *(2020: €27,433)*.

**16 Líon na mac léinn**

Bhí 2,800 *(2020: 2,800)* mac léinn lae lánaimseartha sa choláiste sa bhliain. Bhí 6,350 *(2020: 5,800)* mac léinn san iomlán ag freastal ar chúrsaí.

**17 An Campas sa Lárionad Seirbhísí Airgeadais Idirnáisiúnta**

In 1997, rinne an coláiste roinnt comhaontuithe chun campas coláiste nua a thógáil agus a mhaoiniú i gCeantar Dugaí Bhaile Átha Cliath ar thailte a chuir Údarás Forbartha Dugthailte Bhaile Átha Cliath (“an tÚdarás”) ar fáil. Ina dhiaidh sin d’aistrigh an tÚdarás an láithreán chuig an gcoláiste faoi dhá léas a raibh téamaí 200 bliain i gceist leo:

- baineann an chéad léas leis an láithreán a d’aontaigh an tÚdarás a dheonú don choláiste, saor in aisce, faoi réir an chíosa a bhfuil tagairt déanta dó thíos, agus,

- baineann an dara léas le láithreán taobh leis an láithreán bunaidh, a d’aontaigh an tÚdarás a dheonú don choláiste ar €2.86m.

Méid ainmniúil atá sa chíos don láithreán bunaidh go ceann fiche bliain ón 13 Iúil 2003, ar an gcoinníoll go leanfaidh an coláiste ag soláthar seirbhísí oideachais agus seirbhísí gaolmhara ar an láithreán. Tar éis 20 bliain, laghdófar an cíos bliantúil go méid ainmniúil go buan. I gcás nach gcuirfear seirbhísí oideachais agus seirbhísí gaolmhara ar fáil, is é €761,843 a bheidh ar an gcíos in aghaidh na bliana, faoi réir athbhreithniú aníos gach cúig bliana. Is é cíos ainmniúil atá sa chíos bliantúil ar an láithreán breise.

Rinne an coláiste a chuid oibleagáidí faoin gcomhaontú forbartha leis an Údarás a fhochonrú chuig Origin 8 Partnership agus Origin 8 Development Limited (“Origin 8”). Dheonaigh an coláiste léas amháin le haghaidh an láithreáin iomlán do Origin 8 go ceann 200 bliain lúide 3 lá ar na téarmaí agus coinníollacha céanna agus a d’aontaigh an coláiste leis an Údarás. Thóg Origin 8 campas coláiste nua don choláiste ar an láithreán, a chuimsíonn foirgneamh taighde, áras cónaithe do mhic léinn, carrchlós agus naíolann.

Rinne Origin 8 an ghné choláiste den fhorbairt a fholéasú leis an gcoláiste ar léas a rachaidh in éag in 2196 ar phréimh €25.39 milliún agus cíos ainmniúil bliantúil.

D’aontaigh an coláiste iasacht €29.20m a thabhairt do Origin 8 saor ó ús a bhí le haisíoc tráth nár dhéanaí ná an 30 Meán Fómhair 2013. Tharraing Origin 8 an iasacht seo anuas ina hiomláine. Díscríobhadh €3.8m den iasacht seo sa bhliain dar críoch an 30 Meitheamh 2010. Cuireadh an chuid eile den iasacht (€25.39m) in aghaidh mhéid na préimhe léasa ar ghné an choláiste den fhorbairt, mar a foráladh i dtéarmaí an chomhaontaithe iasachta.

Cheannaigh an coláiste an foirgneamh taighde agus an carrchlós ar €15.2m sa bhliain go dtí an 30 Meitheamh 2005.

Bhí rogha ar cheannach ag an gcoláiste chun an chuid eile den champas a cheannach (is é sin áras cónaithe na mac léinn agus an naíolann) 10 mbliana tar éis chríochnú na n-oibreacha forbartha (ach tráth nach déanaí ná an 30 Meán Fómhair 2013), ar €26.2m (nó €24.9m dá mba rud é nach mbeadh an naíolann san áireamh). Níor fheidhmigh an coláiste an rogha chun an chuid eile den champas a cheannach. I mí an Mhárta 2017, cheannaigh tríú páirtí na hiasachtaí gan íoc ar áras cónaithe na mac léinn ón Leachtaitheoir Speisialta chuig an gCorparáid Éireannach um Réiteach Banc (IBRC).

Mar thoradh ar na hidirbhearta go léir thuas, tá na tailte i seilbh an choláiste faoi léas ar chíos ainmniúil a rachaidh in éag in 2196.

# Coláiste Náisiúnta na hÉireann

## Nótaí *(ar lean.)*

### 18 Ceangaltais chaipitil

Bhí na ceangaltais chaipitil seo a leanas ag an gcoláiste amhail an 30 Meitheamh 2021:

| | **2021** | 2020 |
|---|---|---|
| | **€** | € |
| Conradh ann ina leith | **-** | - |
| Údaraithe ach gan conradh a bheith ann ina leith | **287,405** | 506,051 |
| | **287,405** | 506,051 |

## Nótaí *(ar lean.)*

**19 Deontais agus deontais i gcabhair**

| Ainm an deontóra | Ainm an chláir deontais | Iomlán an deontais a ceadaíodh € | Téarma an deontais | Deontas atá curtha san áireamh ráitis airgeadais reatha € | Cibé an bhfuil agus cén chaoi a bhfuil úsáid an deontais srianta |
|---|---|---|---|---|---|
| An Roinn Oideachais agus Scileanna | Deontas in ionad táillí teagaisc | 4,032,447 | MF 20 - Meith 21 | 4,032,447 | Srianta d'aisghabháil táillí fochéimithe don bhliain acadúil 2020/2021 i leith mic léinn incháilithe a d'fhreastail ar chúrsaí fochéime lánaimseartha |
| An Roinn Oideachais agus Scileanna | Croídheontas | 1,966,567 | Ean 20 - Noll 20 | 988,343 | Gníomhaíochtaí oideachais |
| An Roinn Oideachais agus Scileanna | Croídheontas | 1,966,567 | Ean 21 - Noll 21 | 983,250 | Gníomhaíochtaí oideachais |
| Tusla, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach | Clár Óige Ceantar-Bhunaithe (ABC) | 2,539,512 | Sam 18 – Noll 21 | 797,919 | Srianta do Chlár ABC amháin |
| An Roinn Oideachais | Tacaíocht do theagascóirí ón Údarás um Ard-Oideachas | 45,433 | Ean 20 - Noll 20 | 15,974 | Srianta don tseirbhís tacaíochta teagascóirí amháin |
| An Roinn Oideachais | Tacaíocht do theagascóirí ón Údarás um Ard-Oideachas | 45,433 | Ean 21 - Noll 21 | 28,997 | Srianta don tseirbhís tacaíochta teagascóirí amháin |
| An tÚdarás um Ard-Oideachas, An Roinn | Ciste Cúnaimh Mac Léinn an Údaráis um Ard-Oideachas | 94,127 | MF 19 - Lún 20 | 53,177 | Srianta do chúnamh airgeadais a chur ar fáil do |

# Coláiste Náisiúnta na hÉireann

## Nótaí *(ar lean.)*

| | |
|---|---|
| Oideachais agus Scileanna | mhic léinn a bhfuil cruatan airgeadais orthu |

## Nótaí *(ar lean.)*

### 19 Deontais agus deontais i gcabhair *(ar lean.)*

| Ainm an deontóra | Ainm an chláir deontais | Iomlán an deontais a ceadaíodh € | Téarma an deontais | Deontas atá curtha san áireamh ráitis airgeadais reatha € | Cibé an bhfuil agus cén chaoi a bhfuil úsáid an deontais srianta |
|---|---|---|---|---|---|
| An tÚdarás um Ard-Oideachas, An Roinn Oideachais agus Scileanna, Ciste Sóisialta na hEorpa | Ciste Cúnaimh Mac Léinn an Údaráis um Ard-Oideachas | 219,126 | MF 20 - Lún 21 | 40,382 | Srianta do chúnamh airgeadais a chur ar fáil do mhic léinn a bhfuil cruatan airgeadais orthu |
| An tÚdarás um Ard-Oideachas, An Roinn Oideachais agus Scileanna, Ciste Sóisialta na hEorpa | Ciste de chuid an Údaráis um Ard-Oideachas do mhic léinn faoi mhíchumas | 231,983 | MF 18 - Lún 19 | 96,592 | Srianta do sholáthar áiseanna foghlama do mhic léinn faoi mhíchumas |
| An tÚdarás um Ard-Oideachas, An Roinn Oideachais agus Scileanna, Ciste Sóisialta na hEorpa | Ciste de chuid an Údaráis um Ard-Oideachas do mhic léinn faoi mhíchumas | 184,640 | MF 19 - Lún 20 | 73,796 | Srianta do sholáthar áiseanna foghlama do mhic léinn faoi mhíchumas |
| An tÚdarás um Ard-Oideachas, An Roinn Oideachais agus Scileanna, Ciste Sóisialta na hEorpa | Ciste de chuid an Údaráis um Ard-Oideachas do mhic léinn faoi mhíchumas | 68,324 | MF 20 - Lún 21 | - | Srianta do sholáthar áiseanna foghlama do mhic léinn faoi mhíchumas |

## Nótaí *(ar lean.)*

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| An tÚdarás um Ard-Oideachas, Ciste Sóisialta na hEorpa | Springboard (TFC san áireamh) | 2,921,000 | Bea 19 - Noll 21 | 897,196 | Cláir oiliúna agus oideachais a sholáthar do dhaoine dífhostaithe agus iarratasóirí eile atá cáilithe go cuí. |
| An tÚdarás um Ard-Oideachas, Ciste Sóisialta na hEorpa | Springboard (TFC san áireamh) | 2,962,750 | Bea 20 - Noll 22 | 1,713,737 | Cláir oiliúna agus oideachais a sholáthar do dhaoine dífhostaithe agus iarratasóirí eile atá cáilithe go cuí |
| An tÚdarás um Ard-Oideachas | Colún den Tionscnamh um Chaipiteal Daonna | 864,000 | MF 20 - Noll 21 | 202,500 | Cláir oiliúna agus oideachais a sholáthar |

**19 Deontais agus deontais i gcabhair** *(ar lean.)*

| **Ainm an deontóra** | **Ainm an chláir deontais** | **Iomlán an deontais a ceadaíodh €** | **Téarma an deontais** | **Deontas atá curtha san áireamh ráitis airgeadais reatha €** | **Cibé an bhfuil agus cén chaoi a bhfuil úsáid ar srianta** |
|---|---|---|---|---|---|
| An tÚdarás um Ard-Oideachas | Spreagthach Iúil | 336,600 | MF 20 – Bea 21 | 169,290 | Cláir oiliúna agus oideachais a sholáthar |
| An Chomhairle um Thaighde in Éirinn | CHIST-ERA 2017 | 148,600 | Aib 19 – Már 22 | 18,302 | Maoiniú Thionscadal Spumoni |
| Fiontraíocht Éireann | Ciste Forbraíochta na hEorpa | 174,475 | Iúil 19 – Lún 20 | 66,421 | Maoiniú Thionscadal Glantus |

## Nótaí *(ar lean.)*

**20 Idirbhearta páirtithe gaolmhara**

Déanann an Coláiste fáltais agus íocaíochtaí a phróiseáil thar ceann Campus Crèche Limited. Le linn na bliana, fuarthas ioncam €112,500 (2020: €76,271) agus íocadh costais €96,500 (2020: €97,771) thar ceann an eintitis sin.

Déantar idirbhearta idir an coláiste agus NCI Foundation Limited a aicmiú mar idirbhearta páirtithe gaolmhara ar an ábhar go bhfuil an dá eintiteas faoi réir tionchar coiteann. Ní bhfuair an coláiste aon chistí ó NCI Foundation Limited le linn na bliana ná le linn ná bliana roimhe. Ní raibh aon iarmhéid iníoctha le NCI Foundation Limited ná infhaighte aige amhail an 30 Meitheamh 2021 *(2020: €Nialas)*.

Ba é €1,841,212 *(2020: €1,830,848)* an luach saothair iomlán i leith an phríomhphearsanra bainistíochta. Is éard atá i gceist leis an bpríomhphearsanra bainistíochta ná foireann bainistíochta feidhmiúcháin an choláiste agus fostaithe eile de chuid an choláiste atá ag fónamh ar Bhord na Stiúrthóirí.

**21 Meastacháin agus breithnithe suntasacha cuntasaíochta**

Chun na ráitis airgeadais a ullmhú i gcomhréir le FRS 102, bíonn ar an lucht bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh a mbíonn tionchar acu ar fheidhmiú beartas agus ar na suimeanna arna dtuairisciú i gcás sócmhainní, dliteanas, ioncaim agus costas. Tá na meastacháin agus na toimhdí gaolmhara bunaithe ar thaithí stairiúil agus ar thosca eile a chreidtear a bheith réasúnach faoi na cúinsí, a bhfuil a dtorthaí mar bhonn leis na breithiúnais a dhéanamh maidir le luachanna sócmhainní agus dliteanas a iompar nach léir go héasca iad ó fhoinsí eile.

**Boinn tuisceana maidir le sochar scoir**

Tá leagtha amach i nóta 15 na boinn tuisceana atá faoi na luachálacha ar dhliteanas na scéime pinsin le sochar sainithe, a mbaineann riosca suntasach leo, agus na muirir ghaolmhara chun an ráitis ioncaim.

**22 Suimeanna comparáideacha**

Rinneadh suimeanna comparáideacha a athghrúpáil, nuair ba ghá, ar an mbonn céanna leis na cinn don tréimhse reatha.

**23 Teagmhais shuntasacha tar éis an chláir comhardaithe**

Níor tharla aon teagmhais tar éis an chláir comhardaithe ó dheireadh na bliana a chaithfí a nochtadh sna ráitis airgeadais ná a gcaithfí na ráitis airgeadais a choigeartú dá mbarr.

**24 Formheas na ráiteas airgeadais**

Rinne an Comhlacht Rialaithe na ráitis airgeadais a fhormheas ar an 2021.

# Coláiste Náisiúnta na hÉireann

## Aguisín gan Iniúchadh

**Aguisín 1 – Cuntais Dheighilte**

NCI is in receipt of funding from TUSLA. Particulars of the grant received from Tusla are detailed in the table below:

| | | |
|---|---|---|
| Gníomhaireacht | TUSLA - an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach | |
| Cineál an Mhaoinithe | Deontas | |
| Clár Deontais | Clár Óige Ceantar-Bhunaithe (ABC) | |
| Cuspóir an Deontais | Feabhas ar thorthaí fadtéarmacha do leanaí agus do theaghlaigh<br>i nDugthailte Bhaile Átha Cliath agus i Lár na Cathrach Thoir | |
| Iomlán an Deontais | €2,539,512 | |
| An chuid den deontas a glacadh chuig Ioncam agus Caiteachas | €797,919 | |
| An chuid a fuarthas sa tréimhse | €814,977 | |
| Suimeanna arna n-iarchur ag Deireadh na Bliana | €nialas | |
| Caiteachas | €797,919 | |
| Téarma | 38 mí (Samhain 2018 go Nollaig 2021) | |
| Dáta a Fhála: | | |
| | 27/07/2020 | €63,196 |
| | 24/08/2020 | €63,196 |
| | 28/09/2020 | €72,633 |
| | 19/10/2020 | €72,633 |
| | 23/11/2020 | €72,633 |
| | 14/12/2020 | €72,634 |
| | 25/01/2021 | €66,342 |
| | 22/02/2021 | €66,342 |
| | 22/03/2021 | €66,342 |
| | 26/04/2021 | €66,342 |
| | 21/06/2021 | €132,684 |
| Deontas Caipitil | €nialas | |
| Srian le húsáid | Ní cheadaítear é a úsáid ach ar Chlár ABC amháin | |